Tionól Bia agus Dí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thionól mór bia agus dí. Sula bhféachann tú ar an mír, déan ransú intinne leis an duine in aice leat ar cad is *Tionól Bia agus Dí* ann, dar libh.

Ceist 2 Cad is brí leis na focail agus na frásaí seo a bheidh le cloisteáil sa mhír?

1. tionól
2. ceannaitheoir
3. as chuile chearn den domhan
4. portáin
5. is ar éigean a cheap éinne
6. diúilicíní
7. gliomach
8. i gcéin
9. an-tóir
10. gach cosúlacht
11. tógtha go maith leis an mbia
12. dul i méid

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí leis an teagascóir iad.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Déan cur síos ar *Market Place*.
2. Déan cur síos ar *Carr Shellfish*.
3. Cé as an chuid is mó de na ceannaitheoirí a thug cuairt ar *Carr Shellfish*?
4. Conas a chuidíonn an tionól seo le comhlachtaí Éireannacha dul i méid?

Ceist 4 '…**<u>gur</u>** deis iontach é seo…' Ach '…**<u>gurb</u>** iontach an deis é…'

A. Cén fáth gur 'gurb' atá sa dara sampla thuas?
B. Líon na bearnaí sna habairtí seo anois leis an bhfocal ***gur*** nó leis an bhfocal ***gurb***. Tá na habairtí ar fad san aimsir láithreach.

1. Is cosúil _____ duine deas í.
2. Ceapaim _____ le Seán an cóipleabhar.
3. Deirtear liom _____ aoibhinn ar fad atá an aimsir thall.
4. Measaim _____ ailtire atá san fhear sin.
5. Is cinnte _____ as an Bheilg í.
6. Deirtear _____ ionann an dá chomhad.
7. Sílim _____ é an scríbhneoir is fearr in Éirinn é.
8. Is dócha _____ fear maith é.
9. Deirtear _____ amhlaidh atá an scéal.
10. Is mór an trua _____ eisean an t-amhránaí anocht.

Ceist 5 '…**ar fud** na tíre…'

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló dubh?
2. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail a bhfuil líne fúthu?
3. Cuir na cinn seo thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

- ar nós
- ar son
- de réir
- i rith
- in éadan
- os comhair

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An bhfuil clú domhanda ar bhia agus ar dheoch na hÉireann, dar leat?
2. Cén cineál bia is fearr leat féin?
3. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach ceannaitheoirí ón tSín a mhealladh go hÉirinn, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

1. tionól – *convention*
2. ceannaitheoir – *buyer*
3. as chuile chearn den domhan – *from every corner of the world*
4. portáin – *crabs*
5. is ar éigean a cheap éinne – *hardly anyone believed*
6. diúilicíní – *mussels*
7. gliomach – *lobster*
8. i gcéin – *far away*
9. an-tóir – *great demand, popular*
10. gach cosúlacht – *every likelihood*
11. tógtha go maith leis an mbia – *greatly taken by the food*
12. dul i méid – *to grow bigger*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

A. Úsáidtear ***gurb*** in áit ***gur*** san aimsir láithreach:

- roimh aidiachtaí a thosaíonn le guta (*sílim gurb aisteach an duine é*)
- roimh na forainmneacha **ea, é/eisean, í/ise, iad/iadsan** (*is cosúil gurb ise atá ann*)
- roimh dhobhriathra a thosaíonn le guta (*deir sé gurb amhlaidh atá*)

B. Líon na bearnaí sna habairtí seo anois leis an bhfocal ***gur*** nó ***gurb***.

1. Is cosúil ***gur*** duine deas í.
2. Ceapaim ***gur*** le Seán an cóipleabhar.
3. Deirtear liom ***gurb*** aoibhinn ar fad atá an aimsir thall.
4. Measaim ***gur*** ailtire atá san fhear sin.
5. Is cinnte ***gur*** as an Bheilg í.
6. Deirtear ***gurb*** ionann an dá chomhad.
7. Sílim ***gurb*** é an scríbhneoir is fearr in Éirinn é.
8. Is dócha ***gur*** fear maith é.
9. Deirtear ***gurb*** amhlaidh atá an scéal.
10. Is mór an trua ***gurb*** eisean an t-amhránaí anocht.

Ceist 5

1. Réamhfhocal comhshuite atá ann.
2. Má leanann ainmfhocal réamhfhocal comhshuite cuirtear sa tuiseal ginideach é. Mar shampla: *ar feadh seachtaine*, *ar chúl an tí*, *ar lorg na ngadaithe*
3. Cuir na cinn seo thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

- ar nós – *like*
- ar son – *for the sake of*
- de réir – *according to*
- i rith – *during*
- in éadan – *against*
- os comhair – *opposite*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. I mBaile Átha Cliath inniu cuireadh tús le tionól bliantúil margaíochta Bhord Bia, ar a dtugtar *Market Place*. Tá breis is cúig chéad ceannaitheoir bia agus dí tagtha as chuile chearn den domhan le freastal air. Thug roinnt acu cuairt ar Chorcaigh tráthnóna le táirgí bia mara a bhlaiseadh dóibh féin.

Grett O'Connor
Portáin is mó a phróiseálann *Carr Shellfish* i gCurrach Glas in oirthear chontae Chorcaí, ach cuireann siad go leor táirgí eile bia mara ar fáil freisin. Tá an comhlacht ar bun ó 1946 i leith. An uair sin is ar éigean a cheap éinne ó mhuintir Carr go mbeadh a gcuid portán agus diúilicíní, gliomach agus seabhdair ag dul chomh fada i gcéin leis an tSín, seasca bliain dár gcionn. Bíonn an-tóir orthu sa Chríoch Lochlann freisin agus sa Ghearmáin. Inniu le cabhair an Bhoird Bia, tháinig grúpa de cheannaitheoirí bia ar cuairt go Currach Glas chun féachaint ar an monarcha agus chun greim a fháil le n-ithe[1]. Ba as an Áise den dream seo.

'At the moment I live in Shanghai'
'China, Shanghai'
'China, Shanghai'
'I am from Singapore'
'Dubai, but originally from Ireland'

Agus bhí gach cosúlacht ann go rabhadar tógtha go maith leis an mbia a cuireadh os a gcomhair. Dúirt úinéir an chomhlachta, Billy Carr, gur deis iontach é seo chun bualadh le ceannaitheoirí ó thíortha thar lear mar gur ansiúd a bhí na margaí nua a chuirfeadh ar chumas comhlachtaí Éireannacha dul i méid. As seo go ceann trí lá beidh na ceannaitheoirí ag taisteal ar fud na tíre ag tabhairt cuairte ar fheirmeacha, ar mhonarchana agus ar shiopaí bia. Ar an Déardaoin beidh siad ar fad ar ais sa phríomhchathair do mhórthionól gnó. Tá na mílte cruinniú gearr[2] socraithe d'ionadaithe ó chomhlachtaí bia agus dí leis na ceannaitheoirí is mó go bhfuil spéis acu ina gcuid táirgí. Cá bhfios cad a d'fhéadfadh teacht as sin.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Currach Glas, Contae Chorcaí.

[1] *le hithe* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[2] *cruinnithe gearra* a deirtear